Ceisteanna Coitianta a d'éirigh as an Oíche Eolais

FAQs that arose from the Open Night

Cad é struchtúr an tseomra ranga? **What is the situation with classroom structure**?

Tá gach seomra ranga leagtha amach de réir rialacháin na Roinne maidir le Covid. Ranganna CNT in eite áirithe den scoil faoi láthair. Freastalófar ar chóhort 2021/22 anseo freisin. Baineann daltaí leas as áiseanna na máthairscoile d'ábhair phraiticiúla Freastalaítear ar chumas measctha na ndaltaí i ngach rang-ghrúpa.

All classrooms set out to Dept Covid regulations. CNT classes in a particular wing of the school at present that will cater for 2021/2022 cohort of 2 classes also. Students avail of facilities for practical subjects in main school. All classes are mixed ability

Céard faoi fhoirgneamh/ chóiríocht bhuan? What about a permanent building?

Aighníodh plean d'fhoirgneamh buan ar Champas LCC i nDeireadh Fómhair 2019. Cuireadh an plean ar athló (athrú Rialtais agus Covid). Feachtas leanúnach ar bun. Buailfidh LCC/CNT le Príomhfheidhmeannach nua DDLETB agus pléifear bealach chun tús a chur leis an togra seo. Tionólfar cruinniú le feisirí áitiúla agus iarrfar ar an Aire Oideachais cuairt a thabhairt chun forbairt CnaTa phlé, más féidir le linn na scoilbhliana.

Submission made for permanent building on LCC Campus Oct 2019. Shelved (change of govt and Covid). Ongoing campaign. LCC will meet with new CE and discuss a way forward on this project. A meeting with local representatives will be held and a request for the Aire of Education to visit and discuss CnaT development will be arranged, if possible this academic year.

Cad iad na gníomhaíochtaí seach-churaclaim atá ann? What extracurricular activities are there?

Gníomhaíochtaí seach-churaclaim roinnte le LCC. Raon leathan roghanna bunaithe ar infhaighteacht múinteoirí, spéis na ndaltaí agus áiseanna. Ceoldráma, Seaimpíní Digiteacha, Fiontraithe Óga, WWGS agus raon leathan clubanna.

Extracurricular activities shared with LCC. Wide range of options based on teachers' availability, students' interest, and facilities. Musical, Digital Champions, Young Entrepreneurs, WWGS and a wide range of clubs.

Conas a fhreastalófar ar CNT i roghanna Ardteistiméireachta agus cad iad na hábhair a bheidh ar fáil trí Ghaeilge? How will CNT be catered for in Leaving Cert choices and what subjects will be available as Gaeilge?

De réir mar a fhásfaidh CNT, beidh liosta níos fairsinge againn don Ardteist. Roghnaíonn gach dalta ábhar amháin as an trí líne de roghanna. Ar gach ceann de na línte sin beidh ábhar ar fáil trí Ghaeilge. Ansin beidh daltaí CNT le chéile le haghaidh croí-ábhair as Gaeilge (seachas Béarla). Táimid ag earcú go gníomhach chun ullmhú chuige seo agus chun raon na n-ábhar atá ar fáil a mhéadú.

As CNT grows, we will have a more extensive list for LC. Each student gets to choose three subjects from three Option lines. On each of those lines there will be a subject available as Gaeilge. CNT students will then be together for core subjects as Gaeilge (bar English). We are actively recruiting to prepare for this and to increase the range of available subjects.

An bhfuil Ceol ann mar rogha? Is Music an option?

Tugtar faoin gceol go fonnmhar spraiúil mar chuid de shiollabas na Gaeilge. Tá rang ceoil mar Réimse Foghlama Eile agus mar chuid den Fholláine. De réir mar a fhásann an scoil agus mar a mhéadaíonn an spéis sa cheol, táthar ag súil le ceol a chur ar fáil mar ábhar scrúdaithe. Braitheann an soláthar ceoil ar rogha na ndaltaí. Ag leibhéal na hArdteiste d'fhéadfadh ceol a bheith ar fáil as Gaeilge nó as Béarla. Glacaimid páirt i Scléip gach bliain. Reachtálfar Feis Tulchann amach anseo.

We have actively engaged in it as part of the Gaeilge curriculum. There is a music class as another area of learning and as part of Wellbeing. As the school grows and interest increases enough to warrant a class, it is hoped to make music available. Student choice will dictate whether Music is provided as Béarla nó Gaeilge at senior cycle. We participate at Scléip every year. We will be holding Feis Tulchann in the future.

Cén tacaíocht foghlama atá ann do leanaí le Disléicse agus riachtanais speisialta oideachais eile? What learning support is there for children with Dyslexia and other SEN?

Maidir le: tacaíocht foghlama - Cuir gach páipéarachas maidir leis faoi bhráid na scoile go tráthúil. Tá CRS/SNA againn le Gaeilge a oibríonn le CNT agus oibríonn Oide Ní Leannáin leis an roinn acmhainne chun tacú le daltaí. Físeán spéisiúil anseo: Seimineár Disléicse do Thuismitheoirí le Gaeloideachas.

Re: learning support – Please have all paperwork submitted to school regarding same. We have a CRS/SNA with Gaeilge who works with CNT and Oide Ní Leannáin works with the resource department to support students. Interesting video here: Dyslexia Seminar for Parents le Gaeloideachas

An bhfuil gach ábhar ar fáil mar Ghaeilge? Are all subject available as Gaeilge?

Cé go bhfuil sé fíor go bhfuil sé dúshlánach do gach Gaelcholáiste in Éirinn in ábhair faoi leith, bhíomar ag earcú múinteoirí go gníomhach agus go rathúil chun oideachas trí mheán na Gaeilge a fháil anseo i CNT. Iarraimid ar mhic léinn MGO/PME oibriú linn anseo i CNT, trí theagmhálacha a chothú leis na coláistí oiliúna múinteoirí. Tá roinnt múinteoirí ag tabhairt faoin scil-bhisiú chun a n-ábhar a sheachadadh trí Ghaeilge agus tá tacaíocht á fáil acu ón mbainistíocht.

While it is true that every Gaelcholáiste in Ireland has challenges in certain subjects, we have been actively and successfully recruiting teachers to secure Irish-medium education here in CNT. We invite PME students, by establishing contacts with the teacher training colleges, to work with us here in CNT. Several teachers are up-skilling in order to deliver their subject through Irish and are being supported in this by the management.

An úsáideann na daltaí leabhair nó Gléasanna? Do the students use books or Devices?

Cé go bhfoghlaimímid sa scoil seo le cúnamh teicneolaíochta agus go dtugtar cuireadh do gach páiste iPad a úsáid, níl sé éigeantach. Cibé bealach, ba chóir go mbeadh cóipeanna crua de na leabhair ar an liosta leabhar ag na daltaí freisin. Gach eolas ar shuíomh Wriggle.

While this is Technology Enhanced Learning school and each child is invited to use an iPad, it is not mandatory. Either way, students should have hard copies of the books on the booklist. See Wriggles website for more information.

Cad iad na hábhair atá ar fáil do na daltaí? What subjects are available to the students?

Ábhair lárnacha - Gaeilge (T1), Béarla, Matamaitic, Fraincis nó Gearmáinis, Eolaíocht, OSPS, OSSP, Folláine, Códú, Tíreolaíocht, Stair, Staidéar Reiligiúin, Staidéar Gnó, Ealaín, Grafaic Theicniúil agus

Eacnamaíocht Bhaile. Féach an suíomh Gréasáin (faoi Nuacht le haghaidh cur i láthair gairid ar gach ábhar).

Core subjects - Irish (L1), English, Maths, French or German, Science, SPHE, CSPE, Wellbeing, Coding, Geography, History, Religious Studies, Business Studies, Art, Technical Graphics and Home Economics. Please see website (under Nuacht for short presentations on each subject).

Cén t-am a thosaíonn agus a chríochnaíonn an scoil? What time does school start and finish?

Tosaíonn an scoil de ghnáth le rang cláraithe ag 08:30. Ba chóir go mbeadh daltaí ina suí ag an am sin, mar sin moltar dóibh teacht ag 08:20. Críochnóidh an scoil ag 15:40 Luan go Déardaoin agus ag 12:00 Dé hAoine. Faoi réir athraithe ag brath ar chúrsaí Covid.

School starts normally with a registration class at 08:30. Students should be seated at that time, so arrival at 08:20 advisable. School finishes at 15:40 Monday to Thursday and at 12:00 on Fridays. Subject to change depending on Covid.

Cad iad na háiseanna atá ar fáil do na daltaí i dtéarmaí seomraí ábhair speisialaithe? What facilities are available to the students in terms of specialist subject rooms?

Digihub don Chódáil le Spheros agus sraith iomlán ríomhairí deasc, saotharlanna Eolaíochta lánfheistithe, seomraí teicneolaíochta lánfheistithe, seomra ealaíne, seomraí eacnamaíocht bhaile. Seomra aclaíochta, stiúideo damhsa, halla spóirt lánfheistithe, cúirteanna lasmuigh. Ceaintín.

Digihub for coding with Spheros and a full suite of desktops, fully- equipped Science labs, fully equipped technology, art, home economics rooms. Fitness suite, dance studio, Fully equipped sports hall, outdoor courts. Canteen.

Cad é an polasaí maidir le fón póca? What is the mobile phone policy?

Ní cheadaítear fón póca a úsáid ar an gcampas. Caithfear teagmháil a dhéanamh le daltaí tríd an oifig le linn uaireanta scoile. Déileáiltear le fóin phóca agus gléasanna pearsanta sa Chód um Iompar Dearfach, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin LCC.

It is not permitted to use a mobile phone on campus. Contact with students must be made via the office during school hours. Mobile phones and personal devices are dealt with in the Code of Positive Behaviour, which is available on the LCC website.

An bhfuil Polasaí um um Bia Sláintiúil? **Is there a healthy eating policy**?

Tá. Soláthraíonn an ceaintín bia sláintiúil agus níl cead cnóanna ar champas na scoile. Yes. Canteen supplies healthy food and there is No Nut Policy also.

An bhfuil teorainn ar uimhreacha ag dul isteach i ngach bliainghrúpa? Is there a cap on numbers entering each intake?

2021/2022 40 an uimhir sa Pholasaí Iontrála, ach d'fhéadfadh sin méadú go 48, ag brath ar chead ón mBord Bainistíochta.

2021/2022 40 is the number in the Admissions Policy, however that could increase to 48, pending BOM approval.

Cad iad na hábhair atá ar fáil? What subjects are available?

Féach le do thoil an suíomh gréasáin (Curaclam) agus na físeáin eolais agus an t-eolas anseo faoin gcuraclam

Please look at subject videos the website and the curriculum list :

Mura bhfuil ábhar ar fáil sa Choláiste an féidir le mo pháiste é a dhéanamh i LCC? If a subject is unavailable in the Coláiste can my child do it in LCC?

Ag an leibhéal sinsearach/ don Ardteist amháin.

Only at senior cycle.

Cé mhéad idirghníomhaíocht atá ann le daltaí LCC? How much interaction is there with Luttrellstown CC students?

Cé go bhfuil limistéar ar leithligh ann do CNT laistigh den fhoirgneamh, roinnimid campas agus roinnt áiseanna. Tugann dalta ón dá choláiste faoi chomhthograí i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, m.sh. Comhairle na nDaltaí, WWGS, Erasmus, Seaimpíní Digiteacha, Fiontraithe Óga, Seachtain na Gaeilge 7rl

Although there is a separate area for CNT within the building, we share a campus and some facilities. Students from both strands undertake joint initiatives in extra-curricular activities, e.g Student Council, WWGS, Erasmus, Digital Champions, Young Entrepreneurs, Seachtain na Gaeilge 7rl

Déan cur síos, le do thoil, ar na háiseanna leabharlainne atá ar fáil? Please describe what library facilities that are available?

Níl aon leabharlann ar an gcampas, ach spreagtar gach dalta chun leabhair ar Borrow Box agus Libby (a nascann leis an Leabharlann áitiúil) a léamh agus leas a bhaint astu.

There is no library on campus, but all students are encouraged to read and avail of books on Borrow Box and Libby, which link into the local Library.

Murar féidir múinteoir le Gaeilge a fháil, cad a tharlaíonn? If Irish speaking teacher can't be got, what happens?

Tógfaidh múinteoir cáilithe eile an rang. Fiú amháin anois inár dtríú bliain, déantar níos mó ná 90% d'ábhair a sheachadadh trí Ghaeilge.

Another qualified teacher will take the class. However even now in our third year, over 90% of subjects are delivered through Irish.

Tá mo pháiste díreach tar éis tús a chur leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar ríomhaire glúine don scoil, conas a thacóidh an scoil leis seo? My child has just started the process of applying for a laptop for school, how will the school support this?

Nuair a bheidh an t-eolas roinnte linn, tacóimid leis an iarratas.

Once the information has been shared with us, we will support the application.

Conas a mheascann páistí ó LCC agus CnaT? An bhfuil lón acu le chéile agus an gcaithfidh siad Gaeilge a labhairt má tá? How are the children from LCC and cnat mixed? Do they have lunches together and do they have to speak Irish if so?

Is cás é atá ag teacht chun cinn de réir mar a fhásann líon CNT. Táthar ag súil i gcónaí go ndéanann pobal CNT cumarsáid as Gaeilge. Éilítear é seo sna rialacha faoi láthair, agus déileálfar le

neamhchomhlíonadh faoi chód iompraíochta dearfach na scoile. Meascann na daltaí go pointe áirithe - imeachtaí seach-churaclaim, ag dul go dtí an cheaintín agus gníomhaíochtaí ag am lóin- a bhfuil buntáistí sóisialta ag baint leis. I láthair na huaire bíonn lón acu ag an am céanna, ach feidhmíonn a pod féin do CNT mar gheall ar shrianta Covid. Táimid ag obair ar Pholasaí Gaeilge a léiríonn riachtanais agus aidhmeanna phobal Choláiste na Tulchann agus a léiríonn réaltacht sochaí dhátheangaigh, ach a leabaíonn an cleachtas is fearr don oideachas tumoideachais freisin.

It is an evolving situation as CNT numbers grow. The expectation is always that the CNT community communicate as Gaeilge. The rule at present states that they should do so, and non-compliance will be dealt with under the school's code of positive behaviour. The students mix to a certain extent – extra-curricular, going to the canteen and he practical rooms lunchtime activities, which has social benefits. At the moment they have lunch at the same time, but CNT operates its own pod due to Covid restrictions. We are working on a Polasaí Gaeilge that reflects the needs and aims of the Coláiste na Tulchann community and that reflects the reality of a bilingual society, but that also embeds best practice for immersion education.

An bhfuil bus scoile ann? Is there a school bus?

Mar thoradh ar ghníomhartha na dtuismitheoirí , freastalóidh Bus Éireann ar dhaltaí a bhfuil cónaí orthu níos mó ná 4.8km ón scoil. Téigh i dteagmháil le Bus Éireann le do thoil agus déan socrú leo go díreach. Tá sé faoin scéim Iompar Scoile.

As a result of parents advocating for a bus, Bus Éireann have catered for students who live more than 4.8km from the school. Please contact Bus Éireann and arrange with them directly. It is under the School Transport scheme.

Má tá do páiste i nGaelscoil faoi láthair, an nglacfar leo sa scoil go huathoibríoch? Cad iad na critéir iontrála? If your child is currently in a Gaelscoil, will they automatically be accepted? What is the admission criteria?

Tá na critéir iontrála uile leagtha amach sa Pholasaí Iontrála atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na scoile.

All admissions criteria are laid out in the Admissions policy which is available on the school website.

An bhfuil scrúdú iontrála ann? Is there an entrance exam?

Tugann na daltaí faoi CAT 4 san Earrach i rang 6^{ú} . Ní scrúdú iontrála é seo, ach cuireann sé in iúl dúinn conas a d'fhéadfaimis tacú le foghlaim na ndaltaí go léir.

The students undertake the Cat 4 in Spring of 6th class. This is not an entrance exam, rather it lets us know how we might support learning for all our students.

An bhfuil an idirbhliain ann agus an bhfuil sé éigeantach? Is there TY and is it compulsory?

Cuireann an Idirbhliain go leor buntáistí ar fáil. I gcomhthéacs an tumoideachais, cuireann sé bliain eile ar fáil chun líofacht agus cumas sa sprioctheanga a fheabhsú, rud a chabhraíonn le daltaí tabhairt faoi Ardteistiméireacht. Tairgeann LCC an idirbhliain. Tairgfidh Coláiste na Tulchann Idirbhliain agus glacfaidh cohórt an ranga don chéad chúpla bliain páirt más é sin an rogha d'fhormhór an ranga.

TY offers many benefits. In the context of immersion education, it offers another year to improve fluency and command of the target language, which helps students undertake Leaving Certificate. LCC offers an option of TY. Coláiste na Tulchann will offer TY and the class cohort for the first few years will participate if that is the choice for the majority of the class.

Cathain is féidir linn a n-ainmneacha a chur síos? When can we put their names down?

Leis na treoirlínte is déanaí maidir le polasaí iontrála srl., Foilsítear fógra iontrála gach Meán Fómhair. Leagann sé seo amach an fráma ama d'iarratais ar chohórt Rang ^{6} . Tugtar cuireadh d'iarratais i mí Dheireadh Fómhair; leithdháilfear áiteanna agus ní mór foirmeacha glactha a bheith istigh le linn tréimhse faoi leith i mí na Samhna mar atá leagtha amach sa Pholasaí Iontrála.

With the latest guidelines wrt to admissions policies etc, an admissions notice is published every September. This sets out the timeframe for applications for the 6th class cohort. Applications are invited in October; places will be allocated, and acceptance forms must be in by the November window as laid out in the admissions policy.